BALLYCOPELAND WINDMILL

Irish Translation

MUILEANN GAOITHE BHAILE CHÓPLAINN

Contae an Dúin

An Mhuilleoireacht

Ón na chéad iarrachtaí talmhaíochta a rinne daoine– thart faoi 6,000 bliain ó shin in Éirinn is dócha – bhí tábhacht i gcónaí ann le bealaí a aimsiú chun grán a mheilt. San aimsir réamhstairiúil baineadh úsáid as cineálacha éagsúla cimleán cloiche (brónna) gráin, agus in aimsir na Luath-Chríostaíochta (c. 500-1200 AD) bhí brónna láimhe in úsáid, ach taispeánann luath-dhlíthe go raibh muilte, uiscechumhachta gan dabht, forleathan agus tábhachtach. Thángthas ar chodanna de dhá mhuileann adhmaid den 8ú agus 9ú céad cóngarach d'abhainn na Banna in Aontroim agus i nDoire. Úsáideadh muilte gaoithe sa Bhreatain i dtús báire sa dara haois déag ach tagann an fhianaise is luaithe ar mhuilte gaoithe in Éirinn ó léarscáileanna an tseachtú haois déag agus níos moille anonn.

Stair Mhuileann Gaoithe Bhaile Chóplainn

Tá an Dún Thoir ar cheann de na ceantair is fearr fás gráin in Éirinn agus is fada an lá muilte gaoithe ina ngné suntasach dá tídhreach. Taifeadadh breis agus céad muileann gaoithe sa chontae seo, ag cnuasach go dlúth ag Leithinis na hArda. Spreag reachtaíocht fás gráin go mall san ochtú haois déag agus tá gach seans ann gur ó na 1780í nó 1790í dáta bunaithe Mhuileann Gaoithe Chóplainn, cé nach bhfuiltear go hiomlán cinnte faoi dháta beacht a bhunaithe. Tá sé le sonrú ar an chéad léarscáil den tSuirbhéireacht Ordanáis agus ar liosta luachála sna 1830í. D'oibrigh teaghlach Mhic Giolla tSeanáin sa mhuileann ó 1845 go dtí 1915, agus d'ofráil an muilleoir deireanach, Somhairle Mac Giolla tSeanáin, don stát é i 1935 i ndiaidh fiche bliain dó bheith as úsáid. Sna 1930í bhí gá le deisiúcháin mhóra struchtúracha don chaipín agus do na seolta agus rinneadh obair mhór eile struchtúrach sna 1950í, ach ní go dtí ar na mallaibh a cuireadh ar athobair é, agus chun é sin a dhéanamh bhí gá le hathsholáthar páirteanna iarainn agus adhmaid agus le hathchóiriú na seolta ina raibh sainobair agus ardscileanna i gceist.

Taobh Amuigh

Tháinig an t-arbhar ar dtús ag teach na háithe sa réimse foirgneamh a shínigh suas an fána ón bhóthar. Cé gur fada an lá é as úsáid agus cuid mhór dá feistis caillte, táthar ag athchóiriú na háithe agus tá teach an mhuilleora athnuaite mar limistéar taispeánantais. I ndiaidh an t-arbhar a thriomú san áith chuaigh sé ar aghaidh chuig an mhuileann.

Is de chineál an túir é an muileann, le caipín soghluaiste a bhogann eireaball feanúil sa dóigh go mbíonn na seolta in aghaidh na gnáthghaoithe i gcónaí. Tá an túr barrchaolaithe déanta as cloch áitiúil, le plástar agus é aolnite. Thug an raon cloch duirlinge thart ar an mhuileann an spás do na

capaill agus na trucailí tiontú agus chuaigh an raon chuig doras Thiar a úsáideadh nuair a bhí na seolta mar bhac don phríomhdhorais Thoir.

Taobh Istigh

Chun an próiseas muilleoireachta a leanúint san ord cheart, moltar don chuairteoir na céimeanna a dhreapadh (agus aird ar an bhealach croctha suas) go dtí an barrleibhéal, Urlár na Crannóige. Tarraingíodh saic de ghrán triomaithe aníos trí réimse comhlaí tógála ag an ardaitheoir saic (1), a d'oibrigh trí chuimilt le barr fiarfhaobhair na príomhfhearsaide(2). Cuireadh an grán isteach i gceann amháin de na trí crannóga a chuaigh síos go dtí na clocha thíos. Don mhin chruith-neachta a bhí an ceann fada idir an staighre agus an balla (Thoir), do rúscadh a bhí an ceann os a chomhair (crotal a bhaint den ghrán), agus an ceann cearnógach níos lú ar an taobh ó Thuaidh do mhin choirce. Nuair nach bhfuil na seolta ag bogadh bíonn an t-urlár seo ciúin, ach braitear lán chumhacht an mhuilinn agus iad faoi lán seoil.

Ag an lár tá an phríomhfhearsaid (2), déanta as giúis roisíneach, caithfidh crann loinge bheith ann, é bun is cionn agus athúsáidte (tá marcanna cuimilte rópa le feiceáil go soiléir air). Ar an phríomhfhearsaid atá an wallower (3) a fhaigheann a fhiacla fiarfhaobhair greim ar roth coscaithe (4) a fhaisceann ar an seafta gaoithe (5), lena bhfuil na seolta ceangailte. Nuair a chasann na seolta téann an chumhacht tríd an seafta gaoithe, roth coscaithe, wallower agus príomhfhearsaid chuig an Urlár Tiomána thíos faoi. Téann barra iarainn tríd an seafta gaoithe, an tslat buailte (6), a chumasaíonn leagan amach na seolta a athrú, fiú agus an muileann sa siúl. Is pointe an-siumiúil é an giar dmat gheall ar an ghiar buailte – Hooper's Patent Reefing Gear – rud uathúil sna Oileáin Bhriotanacha amháin is dócha. Agus an muileann ina thost filltear na dallóga (ní úsáidtear an gh-náthdhóigh, is é sin iad a rolladh). Déantar méid éadach seoil a neamhfhilleadh agus a nochtadh de réir mar is cuí ag brath ar an ghaoth féin, ar an chineál muilleoireachta atá á dhéanamh agus líon na gcloch atá in úsáid. Rinneadh an t-éadach seoil as canbhás lá den saol ach anois déantar as Teirilín é. Is féidir na seolta a mhoilleadh agus iad a stopadh trí choscán a theannadh. Roth-laíonn an caipín ar bharr na mballaí cloiche, deiridh a thrasbhíomaí ag sleamhnú ar fháinne dea-smeartha gréiscthe de phlataí iarainn mhín (an srian marbh) agus cinntíonn an t-eireaball feanúil (7) go mbíonn na seolta i gcónaí 'os comhair na gaoithe'. Nuair a bhíonn an ghaoth ag séideadh go hiomlán ar na seolta bíonn lán cumhachta acu agus ní théann sé i bhfeidhm ar an eireaball feanúil, ach má bhogann an ghaoth buaileann sí le lanna an eireabaill fheanúil agus casann an caipín iomlán, ag tabhairt na seolta ar ais, aghaidh leis an ghaoth.

Anois ar aghaidh leat go dtí an tríú leibhéal na hUrláir Cloiche, ina bhfuil na príomhghnéithe na trí crannóga agus trí péirí clocha clúdaithe i 'ndabhcha' adhmaid (ceann le feiceáil ar an léaráid clúdaigh). Téann an phríomhfhearsaid go díreach tríd an urlár seo chuig an Urlár Tiomána thíos faoi. I measc na gcloch bhí 'burr Franach' déanta as cuid mhór píosaí beaga cloiche, coinnithe go docht in áit le banda iarainn. Trí lár na cloiche (grinnille) ísle a théann an fhearsaid chloiche, tiománta ag giaranna ar an urlár thíos faoi, agus suíonn an chloch (rádala) uachtarach go cothrom ar cheithre bheangán ag teacht amach ón fhearsaid. Titeann an grán ón chrannóg mhór thuas isteach sa chrannóg bheag atá tacaithe ag fráma adhmaid nó 'capall', ansin isteach bróg adhmaid scaoilte a chuirtear ar crith ag 'damsel' (píosa ag teacht ón fhearsaid) agus tríd an ghníomh seo cuirtear an grán isteach i súil na cloiche rádala. Cuirtear fad idir na clocha go cúramach le linn úsáide chun céim na meile a bhfuiltear ag dreim léi a fháil, agus tá sé tábhachtach le coimhéad nach gcuimlítear le chéile iad agus iad a dhéanamh róthe mar is baol tromchúiseach í tine i muil-eann. Rinneadh na clocha a athchóireáil go rialta le piocóid muilinn, dhá uair sa bhliain is dócha, chun an dromchla garbh cuí a choinneáil.

Is é an dara leibhéal an tUrlár Tiomána. Tá an spor-roth mór (8) cothrománach fáiscthe thart ar an taobh íochtarach den phríomhfhearsaid, bainte leis agus ag tiomáint na dtrí cnónna cloiche (9) ar acastóirí iad na fearsaidí cloiche a thiomnánann na clocha rádala thuas. Tá gach fearsaid

tacaithe i mbosca idirlinne d'iarann teilgthe ceangailte le crann droichid adhmaid nó bíoma (10). Déantar an fad oibre idir an dá chloch a choigeartú trí thaobh amháin den bhíoma a thógáil nó a ísliú le scriúnna ar urlár na talún. Ligeann scriú mór faoi chrann droichid an cnó cloiche a ardú, a bhriseann isteach mar sin ar an tiomáint chuig an fhearsaid agus casadh na cloiche rádala thuas. Thiomáin beilt tiomána thíos faoin spor-roth mór an fean ar an taobh ó dheas, os comhair an staighre. Shéid siorradh láidir na crotail éatroma agus an dusta go cliathánach agus isteach i dteach dusta ar an taobh ó dheas nuair a thit na coircí níos troime le crotail bainte go hurlár na talún. Tá criathar ann don mhin chruithneachta ar an taobh Thoir (11).

Fill anois ar Urlár na Talún áit a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn an próiseas. Lastuas tá trí scriú iarainn a thógann na crainn droichid agus na clocha rádala. In aghaidh an bhalla ó thuaidh tá an criathar mine (12) mór fanann deireadh an ardaitheora saic (1) leis an chéad lód eile. Téann dhá fhánán síos ón chloch mhin chruithneachta leis na saic thíos a líonadh. Ba sholáthar fodar d'ainmhithe é muileann Bhaile Chóplainn a sholáthair min choirce agus min chruithneachta a d'íosfadh daoine, ach nár sholáthair plúr, agus lena chois éagsúlacht ábhar bia d'ainmhithe. De réir an tseanchais go raibh ina measc coirce gan crotail agus coirce brúite, min bhuí, grán garbhmheilte (páirtmheilte le haghaidh fotha circeola), piseanna agus pónairí.

Is radharc coitianta go fóill é i gContae an Dúin túir de mhuilte atá ina mballóga, agus le breis agus 60 bliain bhí Muileann Bhaile Chóplainn ina thost, ach go foighneach, thug saincheardaíocht beocht arís dó. I Márta 1978 mheil an muileann grán arís eile agus leanfaidh leis an obair go mbeidh sé ag feidhmiú ina iomláine. Is é Muileann Bhaile Chóplainn an t-aon mhuileann gaoithe in Éirinn ag obair, iarsma luachmhar agus meabhrúchán fiúntach ar fhoinse cumhachta thábhachtach lá den saol.

Léitheoireacht bhreise Green, E. R. R. The Industrial Archaeology of County Down (HMSO 1963); Rhodes, P.S., A Guide to Ballycopeland Windmill (HMSO 1972).

Rochtain Aon mhíle taobh thiar d'Oileán an Mhuilinn, go díreach ar an taobh ó thuaidh den B172 go dtí Baile Nua na hArda (Tag: greille. J579761). NB Ní bhíonn an muileann ar obair de ghnáth le linn uaireanta cuartaíochta.

Admhálacha Tá an t-údar faoi chomaoin ag P.S. Rodes agus an Dr. G. Bowie, le linn ullmhú na treorach seo agus thug G. Robinson agus W. Hughes, muilleoir agus duine a bhí ina threoraí ag Baile Chóplainn, cuidiú ríluachmhar dó.